



DOICIMÉAD EOLASACH
DON IARRTHÓIR DO PHOST
**STIÚRTHÓRA SEIRBHÍSÍ AGUS
CUIMSIÚCHÁIN (PRÍOMHOIFIGEACH).**

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

EOLAS FAOIN NGNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is é fíis na Gníomhaireachta tithe a theastaíonn ó dhaoine a sheachadadh. Déanann sí é sin tríd léargas agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaointeoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshlán sa chóras tithíochta.

Baineann trí théama leathana le hobair na Gníomhaireachta maidir le tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách agus tá ár bhfócas leanúnach ar bharrfheabhas san

Eagraíocht ina chuidiú leis an méid seo a chur i gcrích. Is iad seo leanas na trí théama sin:

- Bheith mar lárionad maidir le heolas tithíochta
- Dul i ngleic le Soláthar agus Inacmhainneacht Tithíochta
- Ag Tacú le Cruthú Pobail Inbhuanaithe agus Chuimsitheacha.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoín a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe



(CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar

- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Scéimeanna leigheasacháin
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh lasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas/Dul i ngleic le hlonchuimsiú Sóisialta

Tá níos mó eolas faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag lorg iarratais ar an bpost mar Stiúrthóir Seirbhísí & Cuimsiú (Príomhoifigeach) ar bhonn buan. Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta Polasaí Oibre Cumaiscthe.

Glactar leis go mbeidh baint ghníomhach ag an té a cheapfar le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, go gcuirfidh sé/sí beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus go gcloífidh sé/sí le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report

LUACHANNA NA GNÍOMHAIREACHTA TITHÍOCHTA

Leagann luachanna na Gníomhaireachta caighdeán amach maidir leis an mbealach a mbímid ag obair le comhghleacaithe agus le geallsealbhóirí. Sa tréimhse straitéiseach seo, déanfaimid ár gcuid luachanna a dhaingniú ar fud na heagraíochta le treoir agus eolas a chur ar fáil maidir le gach rud a dhéanaimid.

Cuirfimid fócas ar leith ar chomhoibriú inmheánach agus seachtrach. Tá daoine curtha mar chroílár ár gcuid oibre againn, chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann lenár bhfoireann, lenár ngeallsealbhóirí, agus leis na daoine a bhfuilimid ag tacú leo maidir le riachtanais tithíochta.



AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA



An Ghníomhaireacht
Tithíochta
The Housing Agency



Stiúrthóir Seirbhísí & Cuimsiú

AN EAGRAÍOCHT

Is cloch choirnéil de thirdhreach tithíochta na hÉireann í an Ghníomhaireacht Tithíochta, ag obair go dícheallach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá práinneach le tithe ar fud na tíre. I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Údaráis Áitiúla, agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, léargas agus sonraí tithíochta beachta chun beartas a mhúnlú agus nuálaíocht a thiomáint. Trí mhaoiniú spriocdhíríte, díghlasálann sé tithíocht nua inacmhainne, luasghéaraíonn sé seachadadh, agus cothaíonn sé pobail inbhuanaithe, chuimsitheacha – ag cur a mhísean chun cinn chun tithíocht inacmhainne, inbhuanaithe a chinntiú do chách. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag lorg ceannaire dinimiciúil, atá paiseanta faoin tithíocht agus faoin gcuimsiú sóisialta, atá réidh le tionchar suntasach a imirt agus an Ghníomhaireacht a threorú chuig a chéad chéim eile dá forbairt.

AN RÓL

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí & Cuimsiú pleananna na stiúrthóireachta a ailíniú le fis straitéiseach fhoriomlán na Ghníomhaireachta – bheith ina mhol eolais tithíochta, dul i ngleic le soláthar agus inacmhainneacht agus tacú le cruthú pobal bríomhar, inbhuanaithe. Baineann an ról le

ceannaireacht a dhéanamh ar an bhFoireann Seirbhísí & Chuimsithe, caidrimh le geallsealbhoirí a bhainistiú, agus tionscnaimh a thiomáint a chuireann cuimsiú sóisialta chun cinn, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, agus baill den Phobal Taistealaithe. Cinnteoidh an Stiúrthóir sármhaitheas oibriochtúil trí phleanáil agus buiséadú cúramach, foireann ardfeidhmiúcháin a chothú agus inbhuanaitheacht agus dea-rialachas a leabú i ngach clár.

AN DUINE

Is ceannaire taithí thú a bhfuil scileanna eagrúcháin láidre agat agus cúlra cruthaithe san earnáil tithíochta, agus tuiscint mhaith agat ar sheachadadh agus ar mhaoiniú tithíochta. B'fhéidir gur gnóthaidh an taithí seo san earnáil phoiblí, san earnáil neamhbhrabúis nó san earnáil phríobháideach. Tá taithí inléirithe agat i mbainistiú tionscadal, ceannaireacht foirne, agus forbairt beartais, chomh maith le scileanna idirphearsanta agus anailiseacha den scoth. Tá sé riachtanach go mbeadh tú in ann dul i ngleic le geallsealbhoirí éagsúla agus tionscadail chasta a bhainistiú. Tá tú tiomanta don inbhuanaitheacht agus tá cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agat (Leibhéal CNC ar a laghad*) nó tá taithí choibhéiseach agat.

Chun iarratas a dhéanamh:

Tá Lansdowne Executive Search á choinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun an próiseas earcaíochta seo a bhainistiú.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear sonraí faoi conas iarratas a dhéanamh, ar fáil ag www.housingagency.ie/careers

Chun iarratas a dhéanamh, seol CV cuimsitheach, Litir Chumhdaigh agus Foirm Príomhghnóthachtálacha ar an ríomhphost chuig: Seán McDonagh, Comhpháirtí, Lansdowne Executive Search.
Ríomhphost: sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie

Chun plé rúnda a bheith agat, déan teagmháil le Seán ag +353 (0)87 796 1062.

Is é Dé hAoine an 14 Samhain 2025 an dáta deiridh a nglacfar le iarratais.

Déanfar iarrthóirí don ról seo a fhoinsí trí phróisis fógraíochta agus cuardaigh feidhmiúcháin araon.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais faoi 9 bhforas uile na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.



LANSDOWNE
EXECUTIVE SEARCH

www.lansdownesearch.ie



Together with
Horton International

AN RÓL

Teideal an Phoist:	Stiúrthóir Seirbhísí & Cuimsiú - Príomhoifigeach
Stádas an Phoist:	Post Lánaimseartha Buan
Oifig:	An Ghníomhaireacht Tithíochta
Rannóg:	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Suíomh:	Baile Átha Cliath
Spriocdháta le haghaidh iarratais:	Dé hAoine, 14 Samhain 2025

ACHOIMRE AR AN RÓL

Faoin ról seo stiúrfar an Fhoireann Seirbhísí agus Ionchuimsithe agus gníomhófar mar bhall lárnach den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS), ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Faoin ról déanfar na pleananna straitéiseacha agus oibríochtúla a threorú agus a chur i gcrích agus spreagfar foirne chun cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.

PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

PRÍOMHDHUALGAIS

- Mar bhall gníomhach den Fhoireann Ard bhainistíochta, glac ról ceannródaíoch i mbaint amach aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha na Gníomhaireachta Tithíochta trí phlean na Stiúrthóireachta a ailíniú le Ráiteas Straitéise na Gníomhaireachta le KPlanna agus bearta toraidh soiléire.
- Pleanáil oibríochtúil agus cur i bhfeidhm chlár oibre na Gníomhaireachta do réimsí freagrachta ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear pleanáil agus athbhreithniú clár oibre, bainistíocht buiséid agus riosca, agus tuairisciú feidhmíochta chuig an bPríomhfheidhmeannach/an Bord.
- Caidrimh a fhorbairt agus a bhainistiú le geallsealbhoirí tábhachtacha lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, agus geallsealbhoirí ábhartha eile — gníomhú mar phríomh-idirchaidreamh

le DHLGH maidir le cúrsaí Seirbhísí & Cuimsithe; cathaoirleacht a dhéanamh ar líonraí cleachtóirí/pobail chleachtais; páirt a ghlacadh ar choistí agus ar ghrúpaí oibre; cur i láthair ag comhdhálacha agus ag imeachtaí geallsealbhoirí.

- Ceannaireacht a dhéanamh ar thacaí náisiúnta a chuireann le cuimsiú sóisialta, go háirithe i réimsí chosc agus freagartha easpa dídine, tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta, agus do phobal an Lucht Siúil.
- Maoirseachta dhéanamh ar thacaíochtaí do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus iad ag soláthar tithe Sóisialta agus Inacmhainne mar atá leagtha amach i mbeartas an Rialtais — le fócas ar mheasúnuithe maoinithe, ullmhúcháin conarthaí, agus comhairle do DHLGH.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach talún atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta.
- SLanna agus caighdeáin cháilíochta a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh orthu do sheirbhísí seachtracha; luach ar airgead agus comhlíonadh rialachais, soláthair agus RGCS a chinntiú.
- Ceannaireacht, bainistiú agus forbairt a dhéanamh ar an bhFoireann Seirbhísí agus Chuimsithe chun stiúrthóireacht ildisciplíneach ardfheidhmíochta a bheith aici; cultúr foghlama, tarmligean soiléir a leabú agus pleanáil fórsa saothair a dhéanamh atá ailínithe le riachtanais sheachadta.
- Obair ábhartha a chomhordú le Stiúrthóirí eile, i gcás ina bhfuil forluí idir réimsí oibre.
- Freagairt do riachtanais atá ag teacht chun cinn de chuid DHLGH agus geallsealbhoirí tábhachtacha eile, agus ullmhú dóibh, trí chomhordú a dhéanamh ar fhreagraí meara, atá faoi theorainn ama laistigh de shainchúram na Seirbhísí & na Cuimsithe.
- Seasamh a thabhairt don inbhuanaitheacht, ag leabú Straitéis Inbhuanaitheachta na Gníomhaireachta agus Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí i ngach clár Seirbhísí agus Cuimsithe.
- Bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar thionscadail agus ar thascanna iomadúla i dtimpeallacht ildisciplíneach.

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

- Ag tacú go gníomhach le forbairt agus le hoiliúint foirne.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Phríomhfheidhmeannach nó do Stiúrthóirí eile de réir mar is gá.
- Ag tabhairt faoi dhualgais ar bith eile ar leibhéal comhchosúil agus de fhreagracht chomhchosúil de réir mar is gá.

CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ

BUNRIACHTANAIS

Íosmhéid CNC Leibhéal 8 nó a chomhionann nó íosmhéid 7 mbliana taithe i bpost comhchosúil, le taithe ar chuid nó ar na gnéithe seo a leanas:

- Taithe roimhe seo san earnáil tithíochta.
- Bainistíocht tionscadal / clár.
- Bainistíocht buiséid agus soláthar.
- Bainistíocht daoine agus feidhmíochta.
- Tacú le forbairt agus le cur chun feidhme beartas nó reachtaíochta.

OIDEACHAS AGUS TAITHÍ INMHIANAITHE

- Tuiscint mhaith ar na gnéithe éagsúla de sholáthar tithíochta.
- Eolas ar na socruithe maoinithe chun tithíochtshóisialta a sholáthar agus na heagraíochtaí ábhartha atá bainteach.
- Eolas maith ar bheartas agus ar reachtaíocht tithíochta na hÉireann.
- Eolas ar sholáthar san earnáil phoiblí.
- Tuiscint ar shaincheisteanna maidir le hinbhuanaitheacht tithíochta – lena n-áirítear inbhuanaitheacht shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíoch agus chultúrtha; agus cúrsaí a bhaineann leis an athrú aeráide.
- Taithe shoiléir ar obair i bpost bainistíochta sinsearaí.
- Scileanna láidre anailise agus réitithe fadhbanna.
- Scileanna idirphearsanta sármhaithe.
- An cumas oibriú as a stuaim féin, mar chuid d'fhoireann agus mar cheannaire grúpa.

TUARASTAL AGUS SOCRUITHE ÍOCAÍOCHTA

Is iad seo a leanas Scála Caighdeánach Tuarastail an Phríomhoifigigh (rátaí le héifeacht ón 1 Feabhra 2025) don phost:

€106,021 - €110,520 - €114,983 - €119,841 - €123,275

BFS1 €127,211

BFS2 €131,139

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás ina bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina sheirbhíseach poiblí reatha a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó dá éis, nó ina n-earcaítear é/i le déanaí chuig an Státseirbhís agus go bhfuil sé/sí faoi cheangal Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é nó í an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear air nó uirthi** Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

*D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh 3(BFS-1) agus 6(BFS-2) bliana de sheirbhís shásúil ag uasmhéid an scála.

Déanfar íocaíocht i riaráiste gach coicís trí Ríomhaistriú Airgid (RRA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil do Rannóg Acmhainní Daonna na hOifige. Bainfidh an Oifig asbhaintí reachtúla ón tuarastal, de réir mar is cuí.

NÓTA TÁBHACHTACH

Íocfar an té a cheapfar ag bunphointe an scála, agus ní dhéanfar idirbheartaíocht ar an ráta íocaíochta, agus is féidir go ndéanfar coigeartú ar an ráta seo ó am go chéile de réir polasaí pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís thú faoi láthair.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh sé go mbeadh incrimintí iníoctha i gcomhréir le Beartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Costais a rinneadh le Comhaltaí Foirne/Iar-Chomhaltaí Foirne/Pinsinéirí.

PROMHADH

Ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi tréimhse phromhaidh a mhairfidh 12 mhí a chur isteach.

TRÉIMHSE OIFIGE

Is chuig post seanbhunaithe sa Státseirbhís an ceapachán. Beidh ar an té a cheapfar tréimhse phromhaidh 12 mhí a sheirbheáil. Beidh an post seo bunaithe sa Ghníomhaireacht Tithíochta, 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

LASMUIGH DEN FHOSTAÍOCHT

Is post lánaimseartha a bheidh ann agus ní fhéadfaidh an cheapaí dul i mbun cleachtas príobháideach ná baint a bheith aige nó aici le haon ghnó seachtrach, a thagann salach ar bhealach ar bith ar a dhualgais/dualgais oifigiúla, a chuireann as dá fheidhmíocht/feidhmíocht nó a chuireann a mhacántacht/macántacht i mbaol.

SUIOMH

Beidh an post seo bunaithe sa Ghníomhaireacht Tithíochta, 53 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort, ó am go chéile, oibriú in áiteanna eile gnó an fhostóra nó/agus in áitribh na bhfochuideachtaí, na n-eagraíochtaí nó na n-áitreabh custaiméara sin de réir mar a iarrfadh an eagraíocht sin. Tabharfar an oiread fógra duit faoi aon athrú ar áit oibre a mhéid indéanta le réasún.

UAIREANTA FREASTAIL

Socrófar uaireanta freastail ó am go ham ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán nó 35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a bheidh réasúnta agus riachtanach lena chuid/cuid dualgas a chomhlíonadh i gceart a oibriú ó am go chéile faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Clúdaítear sa ráta luach saothair iníoctha aon dlíteanas freastail breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.



AN GHNÍOMHAIREACT TITHÍOCHTA

SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 30 lá an liúntas saoire bliantúla do phost an Phríomhoifigigh. Tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

SAOIRE BHREOITEACHTA

Beidh feidhm ag pá le linn neamhláithreachta bhreoiteachta atá deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gclárán saoire bhreoiteachta. Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraítear an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Ghníomhaireacht Tithíochta. Braithfidh íocaíocht le linn breoiteachta ar go ndéanfaidh an t-oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

AOISLIÚNTAS AGUS SCOIR

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (téarmaí nach mbaineann le Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtain roimh an gceapachán nó má tá sé/sí ar sos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhsholáthairtí a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- Aois an Phinsin: Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha i gcomhréir le haois an Phinsin Stáit.

- Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a bhaineann siad 70 bliain d'aois amach.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus méid cnapshuime gach bliain agus ardaíonn an ráta gach bliain de réir tagartha don CPI).
- Baineann méadaithe pinsin i ndiaidh scor le CPI.

LAGHDÚ AR PHINSIN

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go n-éiríonn pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí iníoctha le linna (h)athfhostaíocht, beidh an pinsean sin faoi réir lacáiste de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Tabhair do d'aire, le do thoil: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha lacáiste, nuair is cuí, i bhfeidhm. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin sa phost seo.

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má dámhadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Imlitir na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó imlitir LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, áfach, a fhágann le haon cheann díobh go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh teidlíocht an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtain aoisliúntais amach anseo a bhféadfaidh an ceapaí a bheith cáilithe ina leith.

- **Scor de bharr Drochshláinte**

Tabhair faoi deara, le do thoil, i gcás ina mbíonn duine tar éis dul ar scor ó chomhlacht Seirbhíse Sibhialta/Poiblí ar fhorais drochshláinte, go bhféadfaidh athbhreithniú a bheith á dhéanamh ar a phinsean ón bhfostaíocht sin de

réir rialacha an scoir de dheasca drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

FABHRÚ PINSIN

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo pinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil maidir leis an teorainn 40 bliain den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

RANNÍOCAÍOCHT AOISLIÚNTAIS BHREISE

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- Saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua; nó
- Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

- Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann.

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Tá Lansdowne coinnithe ag an nGníomhaireacht chun cabhrú le ceapachán ról an Stiúrthóra Seirbhísí agus Cuimsithe (Príomhoifigeach). Thar ceann na Gníomhaireachta, lorgaíonn Lansdowne Recruitment iarratais ó iarrthóirí cáilithe agus beidh siad i mbun próiseas earcaíochta cuimsitheach mar chuid den fheachtas earcaíochta seo.

Beidh Lansdowne Recruitment i mbun gach gné den tionscadal earcaíochta seo a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta.

Níor cheart aon fhiosruithe nó stocaireacht a dhéanamh go díreach leis an nGníomhaireacht.

Ba cheart iarratais a chur isteach ar líne agus ní mór go gcuimseofaí iontu:

- Litir chumhdaigh (dhá leathanach A4 ar a mhéad) ag cur síos ar an bhfáth ar mian leat go gcuirfí san áireamh thú don ról agus na cúiseanna le do thuairim go bhfuil tú oiriúnach don phost seo, agus go bhfuil scileanna agus taithí ábhartha agat don ról;
- CV cuimsitheach ina dtaispeántar go soiléir do ghnóthachtálacha agus do thaithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo.
- Foirm Príomhghnóthachtálacha agus í comhlánaithe go hiomlán.

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne don fheachtas. Chun iarratas a dhéanamh ar an ról seo, tabhair cuairt www.housingagency.ie/careers

DÁTA DEIRIDH

Spríodhata chun iarratas a dhéanamh: 12 Meán lae, Dé hAoine 14 Samhain 2025.

Ní ghlacfar le hiarratais ar bith tar éis an dáta dheiridh/spríodhata.

Eiseofar ríomhphost admhála do gach iarratas a gheofar. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas laistigh de dhá lá oibre óna chur isteach, déan teagmháil le sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie le cinntiú go bhfuarthas d'iarratas.

AGALLAIMH

Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí iad féin ar fáil ar an dáta(i) a shonróidh an Gníomhaireacht agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar a bhfoirm iarratais cruinn.

SOCRUITHE RÉASÚNTA

Ba cheart d'aon iarrthóir a dteastaíonn socruithe réasúnta uaidh nó uaithi ag céim ar bith den chomórtas roghnúcháin a riachtanais a chur in iúl lena n-iarratas. Is féidir aon cheisteanna maidir le haon mhíchumas nó saincheist eile a bhféadfaí aghaidh a thabhairt uirthi trí na socruithe réasúnta sin a dhéanamh, a sheoladh chuig sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

D'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- Iarrthóirí a chur ar an ngearrliosta bunaithe ar an eolas ina n-iarratas;
- Agallamh bunaithe ar inniúlacht;
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith oiriúnach, lena n-áirítear tástáil shíciméadrach ach gan a bheith teoranta di.

RÚNDACHT

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais faoi dhianrún.

IMRÉITEACH SLÁNDÁLA

Féadfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a lorg i leith daoine aonair a mbeifear á mbreithniú lena gceapadh.

Beidh ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais má bhíonn siad á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm sin ar aghaidh chuig an nGarda Síochána i gcomhair seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag a bhfuil cónaí orthu.

FAISNÉIS THÁBHACHTACH EILE

Ní bheidh an Gníomhaireacht freagrach as aon chostais a thabhoídís iarrthóirí a aisíoc.

Níor cheart a ghlacadh leis go gciallaíonn iontráil duine i gcomórtas, nó cuireadh dó nó di chun freastal ar agallamh, nó fógra maidir le toradh rathúil, go bhfuil an Gníomhaireacht sásta go gcomhlíonann an duine sin na ceanglais nó nach bhfuil sé nó sí dícháilithe de réir dlí chun an post a bheith aige nó aici agus níl ráthaíocht ar bith ann go mbreithneofar d'iarratas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfá do d'aire gur fútsa atá sé a chinntiú



go gcomhlíonann tú na riachtanais incháilitheachta don chomórtas sula bhfreastalóidh tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála sin ach má fhreastalaíonn tú ar agallamh in ainneoin sin beidh tú ag cur costas neamhriachtanach ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh lena cheapadh/ceapadh sa phost seo, déanfaidh an Ghníomhaireacht gach fiosrúchán a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a chur in iúl go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Dá ndéanadh an duine a mholtar do cheapachán é a dhiúltú, nó dá n-éireodh sé/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Ghníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán.

IARRTHÓIREACHT A MHEAS LE TARRAINGT SIAR

Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástáil eile an tráth agus an áit arna iarraidh ag an nGníomhaireacht, agus nach dtugann an fhianaise arna hiarraidh ag an nGníomhaireacht maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh sé nó sí ábalta a éileamh go mbreithneofar é nó í a thuilleadh.

PRÓISEAS EARCAÍOCHTA

BAINISTÍOCHT AN PHRÓISIS EARCAÍOCHTA

Tá Lansdowne Executive Search fostaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun an próiseas earcaíochta don phost seo a bhainistiú. Déanfar iarrthóirí don ról seo a lorg trí thrí chainéal: (a) Gníomhaíochtaí cuardaigh Lansdowne Executive Search féin. (b) Fógraíocht Ar Líne ar Shuíomhanna Gréasáin Tionscail roghnaithe agus (c) Fógraí Nuachtáin. Gheobhaidh gach iarratasóir ar fhógraí admháil dá n-iarratas agus déanfar iad go léir a mheasúnú bunaithe

ar na critéir arna sonrú don ról. **Is trí ríomhphost amháin a dhéanfar iarratais.**

Níor cheart aon teastais nó teistiméireachtaí bunaidh a chur isteach mar chuid ar bith d'iarratas.

Nuair a bheidh na próisis Fógraíochta agus Chuardaigh curtha i gcrích, úsáidfear próiseas scagtha bunaithe ar an eolas a bheidh tugtha ar an C.V. agus sa litir chumhdaigh agus ar an bhFoirm Príomhghnóthachtálacha, de réir mar is cuí, bunaithe ar réamhagallaimh iomaíoch le Lansdowne Executive Search. Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na hiarratais a thabharfar go dtí céim an ghearrliostaithe i gcoinne critéir ghearrliostaithe chomhaontaithe bunaithe ar riachtanais an phoist.

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí a roghnófar ón bpróiseas gearrliostaithe lena gcur faoi agallamh iomaíoch leis an nGníomhaireacht Tithíochta. Is dócha go nglaofar ar líon beag daoine lena gcur faoi agallamh iomaíoch eile, i gcás ina bhféadfaí a iarraidh orthu cur i láthair a ullmhú mar fhreagra ar chás-staidéar féideartha nó ar chás gnó beartaithe.

De réir mar is cuí, d'fheadfadh go mbeadh ar iarrthóirí ar an ngearrliosta tástálacha síciméadracha a dhéanamh.

DÍCHÁILEOIDH CANBHASÁIL

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Chun do spéis a leanúint seol ríomhphost chuig: sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie

Ní mór d'iarrthóirí doiciméad **AMHÁIN** a chur isteach i bhformáid **MS Word** ina mbeidh litir chumhdaigh, CV agus Foirm Príomhghnóthachtálacha le chéile. Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbeidh an t-iarratas neamhiomlán má chuirtear aon chuid nó cuid den doiciméadacht iarratais ar lár nó má fhormaidítear go mícheart é, mar atá leagtha amach thíos. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

AN GHNÍOMHAIREACT TITHÍOCHTA

LITIR CHUMHDAIGH	CV	FOIRM PRÍOMHGH-NÓTHACHTÁLACHA
Ná gabh thar 2 leathanach A4. Ba chór a shonrú sa litir na príomhin-niúlachtaí ábhartha agus a mhíniú conas a chomhlíonann tú riachtanais an ról.	CV cothrom le dáta nach faide ná 3 leathanach A4.	Lean formáid an tsampla in Aguisín 2.

Cuirfear sonraí an chomórtais ar chlár phoist éagsúla idirlín freisin agus glacfar le hiarratais trí na tairseacha taiscthe ar na boird sin (atá sonraithe i bpróiseas an chomórtais).

ADMHÁIL NA nIARRATAS

Eiseofar teachtaireacht admhála uathobrithe maidir le gach iarratas a gheofar (admhóidh sé seo go bhfuarthas an t-iarratas ach ní dheimhneoidh sé incháilitheacht ná a mhalairt). Mura bhfaigheann tú admháil leictreonach go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 48 uair an chloig ón iarratas, déan teagmháil le **Sean McDonagh, Comhpháirtí, Lansdowne Executive Search.**

DÁTA DEIRIDH

Ní mór d'iarratas a chur isteach ar líne san fhormáid riachtanach faoi **12 Meán Iúil, Dé hAoine an 14 Samhain 2025**. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an ama sin.

NUASHONRUITHE AR AN BHFEACHTAS & COMHFHREAGRAS

Eiseofar nuashonruithe ar an bhfeachtas chuig do sheoladh ríomhphoist ainmnithe mar a shonraítear i d'iarratas. Is faoi gach iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfuil gach cumarsáid ó **Lansdowne Executive Search** á fáil aige nó aici. Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil go rialta le linn an chomórtais. Ina theannta sin, bí cinnte go seiceálfadh tú fillteáin dramhaíola/turscair i gcás go ndéanfaí ríomhphost ar bith. Ní ghlacann an **Ghníomhaireacht Tithíochta**

ná **Lansdowne Executive Search** aon fhreagracht as cumarsáid nár oscail iarratasóirí nó nach bhfuair iarratasóirí. Ba cheart go mbeadh na hiarrthóirí iad féin ar fáil ar an dáta (dátaí) a shonróidh **Lansdowne Executive Search** agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ar a n-iarratas ceart.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- réamhagallamh iomaíoch.
- gearrliostú iarrthóirí, bunaithe ar an eolas ina n-iarratas.
- ceistneoir (ceistneoirí) ar líne a chomhlánú mar chuid de thástáil shíciméadrach.
- sampla oibre/rólghlacadh/cleachtadh meán, agus tástálacha nó cleachtaí ar bith eile a mheastar a bheith cuí.
- agalla(i)mh iomaíoch(a) a bhféadfadh cur i láthair a bheith san áireamh iontu.

GEARRLIOSTÚ

Is gnách go sáraíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost an líon is gá chun an post a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá líon na ndaoine atá ag cur isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta a chinneadh go nglaofar líon níos lú ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. I ndáil leis seo, cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta próiseas scagtha i bhfeidhm chun grúpa a roghnú a bhfuil an chuma orthu, bunaithe ar scrúdú ar an iarratas agus ar réamhagallamh iomaíoch le **Lansdowne Executive Search**, gurb iad na daoine is oiriúnaí le tabhairt ar aghaidh go dtí céim an ghearrliostaithe den phróiseas. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil iarrthóirí eile neamhoiriúnach nó neamhábaltá an post a dhéanamh, ach ina ionad sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, a bhfuil cuma orthu, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu. Déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na hiarratais a thabharfar go dtí céim an ghearrliostaithe i gcoinne critéir

ghearrliostaithe chomhaontaithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Beidh critéir shonraithe don phost san áireamh sna critéir don ghearrliosta. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn ar do cháilíochtaí/taithí a thabhairt i d'iarratas.

AGALLAIMH IOMAÍOCHA

Is dócha go mbeidh na hagallaimh tosaigh don phost seo ar siúl i mí na **Nollag 2025/Eanáir 2026 (Féach ar Amchlár an Phróisis Earcaíochta ar leathanach 13)**. Beidh na hagallaimh leathstruchtúrtha, agus iarrfar ar iarrthóirí samplaí de na hinniúlachtaí don ról a sholáthar mar atá leagtha amach in Aguisín I. Déanfaimid ár ndícheall fógra a thabhairt faoi dhátaí na n-agallamh a oiread agus is féidir.

Ní bheidh aon éileamh breise ar bhreithniú sa phróiseas seo ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh mar a bhí sceidealaithe, nó nach soláthraíonn an fhianaise is gá maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas. Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas go gcaithfidh iarrthóirí an Ghníomhaireacht Tithíochta a chur ar an eolas faoi aon imthosca maolaitheacha roimh nó le linn chéim áirithe den phróiseas roghnúcháin. Ní mór aon fhianaise dhoiciméadach a sholáthar laistigh de chúig lá oibre. Tabhair faoi deara nach ráthaíocht é go n-athróidh na himthosca a leagtar amach an cinneadh/toradh má chuirtear isteach an doiciméad/na doiciméid sin. Ba chóir d'iarrthóirí a ghlacann aon chuid den phróiseas roghnúcháin agus a éilíonn imthosca maolaitheacha ina dhiaidh sin a thabhairt faoi deara nach gcuirfear é seo san áireamh. Áirítear ar shamplaí de chúinsí maolaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ann seal san ospidéal nó méala. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a chinntiú go bhfeidhmeoidh siad chomh maith agus is féidir leo. Mar sin, ní mheastar gur cúinsí maolaitheacha iad fadhbanna amhail tuirse, bheith neirbhíseach, taisteal chuig trialacha/agallaimh nó torthaí/feidhmíocht ionchasach.

TRÁTHCHLÁR DON PHRÓISEAS EARCAÍOCHTA

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais	14 Samhain 2025
Cuirfear tús le réamhagallaimh iomaíocha (Lansdowne)	Lár mhí na Samhna 2025
Cuirfear iarrthóirí Cáilithe i láthair na Gníomhaireachta Tithíochta lena gcur ar an ngearrliosta	Go luath i mí na Nollag 2025
Agallaimh na Céad Chéime (An Ghníomhaireacht Tithíochta)	Lár mhí na Nollag 2025
Céim an Agallaimh Dheiridh (An Ghníomhaireacht Tithíochta)	Go luath i mí Eanáir 2026
Faigheann iarrthóirí rathúil tairiscint	Go luath i mí Eanáir 2026

TEISTIMÉIREACHTAÍ

Bheadh sé úsáideach dá gcuirfeá tús le machnamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha agus ar féidir linn dul i dteagmháil leo (dhá ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go bhfuil d'fhostóir reatha san áireamh leis na moltóirí ach ba cheart go mbeadh siad in ann teistiméireacht a thabhairt ar do shon, ba cheart go mbeadh ar a laghad duine amháin díobh ina dhuine a raibh tú freagrach dó. Ba cheart go mbeadh na moltóirí in ann cuntas le déanaí a thabhairt ar d'fheidhmíocht agus ar d'iompar i gcomhthéacs oibre. Seans gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis dá leithéid a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. ní dhéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin dá dtiocfá faoi bhreithniú tar éis an réamhagallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat san agallamh deiridh, go mbeidh tagairt ag teastáil ó d'fhostóir reatha sula molfar thú le haghaidh ceapacháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar iarrthóirí rathúla roinnt próiseas imréitigh a dhéanamh amhail Dearbhú Sláinte agus Carachtair agus aon seiceálacha ábhartha eile is gá don ról ar leith.

AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA

Chun iarraidh a dhéanamh chun rochtain a fháil ar d'fhaisnéis phearsanta seol d'iarraidh trí ríomhphost chuig: dpo@housingagency.ie agus cinntigh go ndéanann tú cur síos chomh mionsonraithe is féidir ar na taifid atá uait chun go mbeimid in ann an taifead/na taifid ábhartha a aithint. Tá faisnéis maidir le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta leagtha amach ar an leathanach Cosanta Sonraí ag www.housingagency.ie

Certain items of information, not specific to any individual, are extracted from records for general statistical purposes.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndéanfar canbhasáil iad a dhícháiliú.



AGUISÍN 1:
INNIÚLACHTAÍ PRÍOMHOIFIGIGH

PRÍOMHOIFIGEACH
Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach
- Treoraíonn sé nó sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeáin, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú ardfheidhmíochta - Éascaíonn siad malartú oscailte smaointe agus cothaíonn siad timpeallacht chumarsáide oscailte - Cuidíonn sé nó sí le múnú straitéis agus bheartas na Roinne/Rialtais - Forbraíonn sé nó sí acmhainn agus cumas ar fud na foirne trí tharmhligean éifeachtach - Forbraíonn sé nó sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil - Tugann sé nó sí treoir maidir le hullmhú le haghaidh athrú agus athchóiriú suntasach agus le haghaidh iad a chur chun feidhme - Réamh-mheasann agus freagairt sé nó sí go tapa d'fhorbairtí san earnáil/timpeallacht níos leithne - Comhoibríonn sé nó sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile
Breithiúnas & Cinnteoireacht
- Sainaithníonn agus díríonn sé nó sí ar shaincheisteanna lárnacha agus é nó í ag déileáil le faisnéis/cásanna casta - Cuireann siad fócas i dtoll a chéile, láimhseálann siad eolas briathartha agus uimhriúil agus smaoiníonn siad ar cheisteanna go loighciúil - Feiceann sé nó sí an gaol idir saincheisteanna agus tuigeann sé nó sí impleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go gasta - Sainaithníonn sé nó sí réitigh shoiléire ar shaincheisteanna casta - Gníomhaíonn sé nó sí, agus cinntí á ndéanamh aige nó aici go tráthúil agus bíonn an misneach aige nó aici iad a thabhairt chun críche - Déanann siad cinntí fóna eolasacha, agus tuigeann siad a dtionchar agus a n-impleachtaí - Déanann siad iarracht cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na gnéithe polaitiúla agus an tionchar ar an saoránach i ngach cinneadh
Torthaí a Bhainistiú & a Sholáthar
- Cuireann sé nó sí tús le torthaí/seirbhísí a bhaint amach ina réimse féin agus glacann sé nó sí freagracht astu - Déanann sé straitéis agus sonraí oibriúcháin a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó - Bainistíonn sé nó sí clár oibre agus tascanna iomadúla agus athdháileann sé nó sí acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú - Baineann sé nó sí lántairbhe as acmhainní agus cuireann sé nó sí bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach - Cinntíonn sé nó sí go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as TFC agus as samhlacha nua soláthair - Athbhreithníonn sé nó sí tionscadail agus gníomhaíochtaí go géar lena n-éifeachtacht a chinntiú agus lena chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta - Cothaíonn sé nó sí an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais rialachais chorpóraidigh a chomhlíonadh - Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an fhoireann dírithe agus go ngníomhaíonn siad ar thosaíochtaí plean gnó, fiú nuair a bhíonn siad faoi bhrú

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

Caidrimh agus Cumarsáid a Fhorbairt

- Labhraíonn agus scríobhann siad ar bhealach soiléir, deisbhéalach agus ar bhealach a imríonn tionchar
- Éisteannt sé nó sí go gníomhach, ag iarraidh dearcadh agus seasamh daoine eile a thuiscint
- Déanann sé nó sí coinbhleachtaí/easaontuithe a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach cuiditheach
- Oibríonn sé nó sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus sainaithníonn agus bainistíonn sé nó sí an teannas a thagann as dearchtaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara
- Críosaíonn sé nó sí daoine eile; cothaíonn sé nó sí comhdhearcadh, faigheann sé comhar ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus spriocanna a bhaint amach
- Déanann sé/sí teagmháil réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus i Ranna/Eagraíochtaí eile agus forbraíonn sé/sí líonraí gairmiúla láidre
- Cuireann tuairimí in iúl nuair a mhothaíonn siad gur ceart é sin a dhéanamh

Eolas Speisialta, Saineolas agus Féinfhorbairt

- Forbraíonn agus coinníonn scileanna agus saineolas i roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn daoine inmheánacha agus seachtracha na Roinne/na hEagraíochta
- KCoinníonn siad cothrom le dáta maidir le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus maidir le treocheaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an ról
- Coimeádann sé/sí fócas láidir ar an bhféinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna fáis

Treallús agus Tiomantas

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall i gcónaí chun feidhmiú ar ardleibhéal
- Léiríonn sé nó sí tiomantas pearsanta don ról, ag coimeád díongbháilteachta agus dianseasmhachta agus mothú cothromaíochta agus peirspictíochta á choimeád maidir le saincheisteanna oibre



AGUISÍN 2:
FOIRM PRÍOMHGHNÓTHACHTÁLACHA

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ AGUS IONCHUIMSITHE (PRÍOMHOIFIGEACH), AN GHNÍOMHAIREACHT TITHÍOCHTA

Chun go mbreithneofar thú don phost mar Stiúrthóir Seirbhísí agus Cuimsithe (Príomhoifigeach) de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta (“An Ghníomhaireacht”), ní mór d’iarratasóirí an fhoirm seo maidir le príomhghnóthachtálacha, CV agus Litir Chlúdaigh, a chur isteach chuig sean.mcdonagh@lansdownesearch.ie roimh **12 Meán Iae Dé hAoine an 14 Samhain 2025**.

In 300 focal ara mhéad sa spás a chuirtear ar fáil faoi gach réimse inniúlachta, leag amach go hachomair do ghnóthachtálacha, scileanna agus saineolas ar leith a léiríonn go bhfuil tú oiriúnach do ról an Stiúrthóra Seirbhísí agus Ionchuimsithe.

1. SONRAÍ PEARSANTA

Ainm			
Seoladh			
Uimhir Fóin		Costais Eile	
Ríomhphost			

2. FIANAISE TAITHÍ - INNIÚLACHTAÍ STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

Uasmhéid 300 focal – tabhair faoi deara nach gcuirfear san áireamh ach na chéad 300 focal mar chuid den iarratas

Inniúlacht 01 – Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach

D’fhéadfadh tagairt a bheith san fhianaise seo a leanas:

- Treoraíonn sé nó sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeán, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú ardfheidhmíochta
- Éascaíonn siad malartú oscailte smaointe agus cothaíonn siad timpeallacht chumarsáide oscailte
- Cuidíonn sé nó sí le múnú straitéis agus bheartas na Roinne/Rialtais
- Forbraíonn sé nó sí acmhainn agus cumas ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach
- Forbraíonn sé nó sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil
- Tugann sé nó sí treoir maidir le hullmhú le haghaidh athrú agus athchóiriú suntasach agus le haghaidh iad a chur chun feidhme
- Réamh-mheasann agus freagairt sé nó sí go tapa d’fhorbairtí san earnáil/timpeallacht níos leithne
- Comhoibríonn sé nó sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

Inniúlacht 02 – Breithiúnas & Cinneadh

Féadfaidh tagairt a bheith san fhianaise seo a leanas:

- Sainaithníonn agus díríonn sé nó sí ar shaincheisteanna lárnacha agus é nó í ag déileáil le faisnéis/cásanna casta
- Cuireann siad fíricí i dtoll a chéile, láimhseálann siad eolas briathartha agus uimhriúil agus smaoiníonn siad ar cheisteanna go loighciúil
- Feiceann sé nó sí an gaol idir saincheisteanna agus tuigeann sé nó sí impleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go gasta
- Sainaithníonn sé nó sí réitigh shoiléire ar shaincheisteanna casta
- Gníomhaíonn sé nó sí, agus cinntí á ndéanamh aige nó aici go tráthúil agus bíonn an misneach aige nó aici iad a thabhairt chun críche
- Déanann siad cinntí fóna eolasacha, agus tuigeann siad a dtionchar agus a n-impleachtaí
- Déanann siad iarracht cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na gnéithe polaitiúla agus an tionchar ar an saoránach i ngach cinneadh.

Inniúlacht 03 – Bainistíocht & Seachadadh Torthaí

Féadfaidh tagairt a bheith san fhianaise do:

- Cuireann sé nó sí tús le torthaí/seirbhísí a bhaint amach ina réimse féin agus glacann sé nó sí freagracht astu
- Déanann sé straitéis agus sonraí oibriúcháin a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó
- Bainistíonn sé nó sí cláir oibre agus tascanna iomadúla agus athdháileann sé nó sí acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú
- Baineann sé nó sí lántairbhe as acmhainní agus cuireann sé nó sí bearta feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach
- Cinntíonn sé nó sí go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir as TFC agus as samhlacha nua soláthair
- Athbhreithníonn sé nó sí tionscadail agus gníomhaíochtaí go géar lena n-éifeachtacht a chinntiú agus lena chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta
- Cothaíonn sé nó sí an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh
- Cinntíonn sé nó sí go bhfuil an fhoireann dírithe agus go ngníomhaíonn siad ar thosaíochtaí plean gnó, fiú nuair a bhíonn siad faoi bhrú

Inniúlacht 04 - Caidrimh & Cumarsáid a Thógáil**D'fhéadfadh tagairt a bheith san fhianaise do:**

- Labhraíonn agus scríobhann siad ar bhealach soiléir, deisbhéalach agus ar bhealach a imríonn tionchar
- Éisteanann sé nó sí go gníomhach, ag iarraidh dearcadh agus seasamh daoine eile a thuiscint
- Déanann sé nó sí coinbhleachtaí/easaontuithe a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach cuiditheach
- Oibríonn sé nó sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, agus sainaithníonn agus bainistíonn sé nó sí an teannas a thagann as dearcthaí éagsúla na bpáirtithe leasmhara
- Gríosáíonn sé nó sí daoine eile; cothaíonn sé nó sí comhdhearcadh, faigheann sé comhar ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus spriocanna a bhaint amach
- Déanann sé/sí teagmháil réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus i Ranna/Eagraíochtaí eile agus forbraíonn sé/sí líonraí gairmiúla láidre
- Cuireann tuairimí in iúl nuair a mhothaíonn siad gur ceart é sin a dhéanamh

Inniúlacht 05 - Eolas Speisialtóireachta, Saineolas agus Féinfhorbairt**Féadfaidh tagairt a bheith san fhianaise seo a leanas:**

- Forbraíonn agus coinníonn scileanna agusaineolas i roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn daoine inmheánacha agus seachtracha na Roinne/na hEagraíochta
- Coinníonn siad cothrom le dáta maidir le príomhbheartais ranna, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus maidir le treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an ról
- Coimeádann sé/sí fócas láidir ar an bhféinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna fáis

Inniúlacht 06 - Tiomantas & Tiomantas**Féadfaidh tagairt a bheith san fhianaise seo a leanas:**

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall i gcónaí chun feidhmiú ar ardleibhéal
- Léiríonn sé nó sí tiomantas pearsanta don ról, ag coimeád diombháilteachta agus dianseasmhachta agus mothú cothromaíochta agus peirspictíochta á choimeád maidir le saincheisteanna oibre
- Cuireann sé nó sí leis an gclár oibre corparáideach ar bhealach dearfach
- Tá siad iontaofa, macánta agus measúil go pearsanta, agus gealltanais agus tiomantais á gcomhlíonadh aige nó aici
- Cinntíonn sé/sí go mbíonn an saoránach ag croílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil
- Tá sé/sí acmhainneach, agus coimeádann sé/sí guaim fiú i gcásanna diúltacha nó dúshlánacha
- Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin eitice agus macántachta is airde

AN GHNÍOMHAIREACTH TITHÍOCHTA

3. DEARBHÚ

Tríd an bhfoirm chomhlánaithe seo a chur isteach le haghaidh ról an Stiúrthóra Seirbhísí agus Ionchuisithe (Príomhoifigeach) chuig An nGníomhaireacht, deimhníonn go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo fíor agus cruinn. Tabhair do d'aire, le do thoil, má fhaightear amach go bhfuil aon chuid den fhaisnéis a soláthraíodh san iarratas seo bréagach, míthreorach nó míchruinn ar aon bhealach ábhartha, go gcoimeádann an Ghníomhaireacht an ceart chun aon tairiscint fostaíochta a rinneadh duit a tharraingt siar nó, má tá tús curtha agat le fostaíocht cheana féin nuair a gheofar é sin amach, chun deireadh a chur le do fhostaíocht.

Ainm

Dáta an iarratais


4. SOCRÚ RÉASÚNTA

Breithneoidh an Ghníomhaireacht gach iarratas ar shocruithe réasúnta. Cuir sonraí ar fáil, le do thoil, má tá aon riachtanais ar leith agat ar mhaith leat a thabhairt dár n-aird mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht Tithíochta agus fáiltíonn sí roimh iarratais ó gach páirtí is suim leo an scéal.



**An Ghníomhaireacht
Tithíochta**
The Housing Agency



 **LANDSLOWNE**
EXECUTIVE SEARCH
www.lansdownesearch.ie

Together with
Horton International

**Eolas áitiúil.
Rochtain dhomhanda.**